Nuachtlitir

Márta 2017

Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh

Ceann Eich, Cathair Saidhbhín, Co Chiarraí

☎ 066 9474888 : 🖃 ccnfteo@indigo.ie

Tuairisc 2016



Fáilte is fiche romhat go Nuachtlitir an Chomhchoiste! Istigh anseo, gheobhaidh tú blaiseadh ar an obair a bhí curtha i gcrích againn i 2016 maraon le roinnt eolais faoi na rudaí atá idir lámha againn ó thús na bliana agus a bhfuil pleanáilte againn dos na seachtainní agus míonna amach romhainn!

Welcome to the Comhchoiste Newsletter where you will find a report on what was achieved in 2016 alongside details of what's been going in recent weeks, as well as what is planned for 2017.

Bain sult as!

Plean Gaeilge do Uíbh Ráthach

Le breis is dhá bhliain anuas tá obair ar siúl ar phlean don Ghaeilge a chur le chéile don cheantar do tréimse seacht mbliana. Táimid thar a bheith buíoch do gach éinne atá tar éis cabhrú linn le smaointí agus moltaí iontacha a roinnt linn.

Beidh an dréacht deireanach den bplean á fhoilsiú ar an 10ú Márta, agus beidh deis eile ag an bpobal moltaí breise a dhéanamh go dtí an 31.03.17.

Gaeilge Uíbh Ráthaigh

Some interesting facts have come to light in the putting together of the Plean Gaeilge for the coming seven years:

- *86% of Mass-goers would like to have Aifreann as Gaeilge regularly*
- *48% of those would like an Irish Mass once a month; 40% would like it on a weekly basis*
- *70% of primary school children surveyed like the Irish language*
- *61% of Coláiste na Sceilge students surveyed feel that Irish will be useful to them in the future*
- *Just 83 individuals in the Uíbh Ráthach Gaeltacht speak Irish every day according to the last Census.*

Get Involved Awards

Ainmníodh An Siopa Feirme ag "The Kerryman" le haghaidh duaiseanna náisiúnta "Get Involved ". Ag searmanas i mBaile Átha Cliath ar an 25.02.16 bhuamar dhá duais

- Clann Credo Community Impact Prize – Céad Duais
- SEAI SustainableCommunity Initiative – Árd Mholadh

Sincere thanks to "The Kerryman" for nominating us for these awards and to all who helped us along the way!

Cúrsaí Oiliúna

Bíonn cúrsaí oiliúna de gach sort ar siúl go leanúnach ag an gComhchoiste. I 2016 bhí béim ar leith ar chúrsaí SUDs (spraeáil), SafePass, láimhseáil láimhe, gar chabhair agus cúram sláinte.

We have an on-going programme of courses being provided in the Comhchoiste throughout the year. These courses include SafePass, manual handling, first aid etc. The following dates have been confirmed for courses in the coming weeks:-

***HACCP** – food safety one day course – 8th April - €100 per person*

***Food & Nutrition** – QQI Level 4 – beginning on 21st March – BTEI supported by Kerry ETB (12 x ½ days)*

***Low Level Walks Guide** – Irish Heart Foundation – 2 day course will be held in venue to be confirmed in Co Kerry 27th & 28th May - €50 per person.*

***SafePass** – now taking names for next course*

Scéimeanna Fostaíochta

Tá 53 duine fostaithe ar bhonn pháirt-aimseartha ar scéimeanna éagsúla agus iad i mbun oibre leis na coistí forbartha pobail i gCathair Dónal, An Coireán, An Gleann, Baile 'n Sceilg agus An Dromod.

Deintear réimse leathan oibre ar na scéimeanna seo idir sheirbhísí pobail – béiltí, níochán, cuairteanna baile, busanna – agus cothabháil ar pháirceanna peile, hallaí pobail agus áiseanna eile.

Táimíd thar a bheith buíoch dos na hoibrithe uilig seo as atá á dhéanamh acu don bpobal áitiúil – gan díogras na ndaoine seo ní bheadh na seirbhísí riachtanacha seo ar fáil in aon chor!

Meeting of Skellig Coast Visitor Experience Development Plan Stakeholders and Working Group held at Comhchoiste Office on 20.09.16

Tar chugainn don áilleacht agus imeoidh tú le spiorad na Sceilige id' chroí istigh

Skellig Coast Visitor Experience Development Plan

Bhíomar thar a bheith sásta a bheith páirteach sa phleanáil déanta ag Fáilte Éireann i dteannta eagrais stáit agus an pobal áitiúil chun an plean turasóireachta nua seo a fhorbairt do cheantar Uíbh Ráthaigh. Ní neart go cur le chéile!

Imeachtaí do Sheachtain na Gaeilge 2017

Dé Luain 13.03.17- cluiche cártaí 31 in Ionad na Dromoda ar mhaithe Theach Bhríde, An Gleann Mór

Dé Máirt 14.03.17 – ceardlann puipéid do leanaí bunscoile le Seán Ó Laoghaire

Dé Céadaoin 15.03.17 – tráth na gceist bóird sa Waterville Inn don Irish Pilgrimage Trust (Grúpa 135) agus Cumann Ailse na hÉireann

Saoire as Gaeilge

I lár Mí Iúil, tháinig 12 chlann go hUíbh Ráthach chun seachtain a chaitheamh in ár measc ag foghlaim Gaeilge agus ag baint spraoí as a bhfuil le déanamh sa cheantar! Táimid thar a bheith buíoch don bhfoireann sa Halla i mBaile 'n Sceilg, na múinteoirí, na tithe lóistín, Skellig Surf, Sea Synergy, Seacláidí na Sceilge, agus ROK Equestrian a chuir fáilte ó chroí roimh ár gcuairteoirí.

Beidh cúrsa 2017 ar siúl 15.07.17- 21.07.17

www.irishlanguageholidays.com

Binneas

Tá obair ar siúl ar an dtionscnamh seo le fada an lá anois le tacaíocht ach go háirithe ó Ealaín na Gaeltachta.

Tá Seán Garvey ag obair mar amhránaí chónaitheach agus é ag tabhairt turasanna ar na scoileanna go rialta chomh maith le eagrú an Chlub Amhránaíochta a bhíonn ar siúl go míosiúil aige.

Tá Peter Mullarkey ag obair go dian ar thaighde a dhéanamh ar amhráin agus ar cheol dúchasach na dúthaí le blianta fada anois.

Peter's ongoing work in collecting tunes and songs of the area saw the publication of "Ceol Traidisiúnta Uíbh Ráthaigh" which was launched on Culture Night in September 2016. "Amhrán an Hata" is just one example of a song from the locality in the Binneas collection.

Tá sé i gceist go mbeidh CD le cuid des na píosaí ceoil agus amhráin á fhoilsiú i 2017, agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil le RTÉ Raidió na Gaeltachta atá tar éis taifead a dhéanamh ar an ábhar seo dúinn le linn Éigse na Brídeoige i Mí Feabhra.

"Nuair a stadann an ceol, stadann an rince"

Amhrán an Hata

Doncha Ó Sé Buí go raibh cónaí ar i Macha Ghrianáin a chum an t-amhrán seo i dtaobh hata breá olna a chaill sé le linn do bheith ag iascach ar an loch:

Do bhíos-sa lá ag iascach le cliabh nó le cochall,
Bhí haitín maol liath orm a bhí déanta den ollain,
Tháinig feothan ró-ghéar do thóg siar chun an locha é,
Agus d'fhág mé ina dhiadh san go diachrach á lorg.

Ba hata lá gréine é, lá éirligh is glagair,
Ach bhí sé ró-aerach dom féinig le caitheamh,
Tháinig an slua aerach do thug uaim sa chais' é,
Agus d'fhág mé á éileamh ar Chloich Léith Inse an Mhaide

Liam Stac (69 blian i 1938)
Cluain Eachlainn



Cé hiad an Comhchoiste?

Tá ochtar stiúrthóir ar bhórd an Chomhchoiste agus iad ag freastal mar ionadaithe na gcoistí forbartha pobal in Uíbh Ráthach.

The eight voluntary members of the Board of Directors of the Comhchoiste are nominated by local development groups in the area:

~ Micheál Ó Braonáin (Cathaoirleach)

~ Eibhlín Mhic Giolla Phádraig

~ Brian Ó Riordáin

~ Pádraig Mac Eabhróid

~ Clíona Ní Bhraonáin

~ Máiréad de Brún

~ Seosamh Ó Mordha

~ Seán Ó Gealbháin

An Bliain i bhFigiúirí 2016

Turasanna déanta ag paisinéirí ar bhus an Chomhchoiste = 2,026

Béiltí ar Rothaí – Meals on Wheels = 3,919

Béiltí sna hIonaid Lae – Meals in Centres = 2,156

Úsáid Níolainn – Uses of laundry services = 1,298

Cuairteanna baile - Visits to elderly at home = 348

Ócáidí sa tSeomra Áise – Events / Activities held in Comhchoiste = 80

Éigse na Brídeoige

Deineadh ceiliúradh ar an 25ú Éigse an mhí seo caite, agus todhchaí na Gaeilge agus an dátheangachas a bhí mar ábhar phlé. D'oscail an tAire Seán Kyne an fhéile go hoifigiúil agus chomh maith le seisiúin iontacha ceoil agus cainteanna suimiúla, bhí seisear duine óg agus áitiúil páirteach i seimineár fíor láidir faoin gcrosbhóthar teanga ag a bhfuilimid mar phobal faoi láthair.

Pictured below attending Éigse 2017 are Sorcha Ní Mhurchú, Maeve Ní Dhuinnín, Madeleine Nic Giolla Phádraig agus Seán.

Heritage Week 2016

Mar chuid de imeachtaí Seachtain na hOidhreachta, thugamar turas ar láthair Cill a Buaine sa Ghleann chun freastal ar caint tugtha ag Frank Coyne, seandálaí. Le tacaíocht ó KCC, le cead Eoin Kiely agus le cabhair ó Paddy de Buis, tá Frank i ndiaidh roinnt oibre taighde a dhéanamh ar an suíomh seo le cúpla bliain anuas.

Socio Economic Profile

Tá obair ar siúl ag Coláiste Mhuire gan Smál ar an dtuairisc seo dúinn faoi láthair – beidh torthaí ag teacht amach go luath.

Tacaíochtaí & Cúrsaí Gaeilge

Tá dhá rang TEG ar siúl faoi láthair sa Chomhchoiste – ranganna Gaeilge do dhaoine fásta. Tá Madeleine agus Bridie ag déanamh cuairteanna baile le teaghlaigh sa Ghaeltacht agus ag obair sna bunscoileanna freisin. Gach samhradh bíonn sraith cúrsaí ar siúl againn dírithe ar dhaoine óga – seo a leanas na socruithe dóibh san do 2017:

Cúrsa do scoláirí meán scoile (2ú & 3ú Bliain) with emphasis on Oral Irish preparation – 3-7 Iúil, 2017.

Cúrsa do scoláirí an Aonaid Lán Ghaeilge (First year Aonad group) – 9-18 Lúnasa, 2017.

Folúntais Oibre – Vacancies

Comhordnóir Pobal / Community Co-ordinator - Baile 'n Sceilg ar CSP – 21.75 uair sa tseachtain. *To assist with co-ordinating and expanding social services in the area.* Eolas breise ar www.uibhrathach.ie – sprioc le haghaidh iarratais 5pm on 16.03.17.

Folúntais ar Scéim Fostaíochta Pobail / CE Scheme Vacancies – Respite Care workers x 2, Shop assistant for An Siopa Feirme, General Maintenance worker. Eolas breise ó Phádraig Ó Braonáin ar 066 9474888.

EXCELLENCE THROUGH PEOPLE
ETP 1000:2012
NSAI Certified

Nóta Buíochais

Táimid buíoch dóibh siúd uilig a chabhraíonn linn ar bhonn leanúnach, ina measc :

Údarás na Gaeltachta, Pobal, Roinn na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, Glór na nGael, Solas, HSE, Local Link Kerry, Ealaín na Gaeltachta, Comhairle Contae Chiarraí, RTE RnaG, Fáilte Éireann, SKDP, CFCD / OCD, Kerry ETB, An Chomhairle Oidhreachta & múintir na háite